Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**13254/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0347(NLE)**

**ENV 789**
**CLIMA 327**
**MED 52**
**ONU 107**
**MI 775**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 667 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ('Coinbhinsiún Barcelona') faoi Chinneadh a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 667 final.

Faoi iamh: COM(2021) 667 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2021
COM(2021) 667 final

2021/0347 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ('Coinbhinsiún Barcelona') faoi Chinneadh a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS')**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 22ú cruinniú de chuid na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú (Coinbhinsiún Barcelona) agus sna Prótacail a ghabhann leis, i dtaca le glacadh cinnidh atá beartaithe lena leasófar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS').

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Prótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh

Is é atá i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna seacht bPrótacal a ghabhann leis, a glacadh mar chuid de Phlean Gníomhaíochta na Meánmhara, an príomh-chomhaontú comhshaoil iltaobhach réigiúnach atá ceangailteach ó thaobh dlí le haghaidh na Meánmhara.

Tá an Prótacal LBS ar cheann de na seacht bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona. Is é is aidhm dó gach beart is iomchuí a dhéanamh chun truailliú na Meánmhara ó fhoinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh a chosc, a laghdú agus a dhíothú a oiread agus is féidir, trí shubstaintí atá tocsaineach agus imchoimeádach a liostaítear sa Phrótacal a laghdú agus a chéimniú amach. Tháinig an Prótacal LBS i bhfeidhm in 1983.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Phrótacal LBS (arna leasú)[1].

### 2.2. Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis

Le cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, tugtar airí agus oifigigh shinsearacha le chéile a dhéanann ionadaíocht ar gach Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis.

De réir Airteagal 16 den Phrótacal LBS, beidh feidhm ag forálacha Choinbhinsiún Barcelona a bhaineann le haon Phrótacal maidir leis an bPrótacal seo.

De réir Airteagal 25 de Choinbhinsiún Barcelona, feidhmeoidh an tAontas Eorpach ('AE') a cheart vótála agus beidh líon vótaí aige atá cothrom le líon a chuid Ballstát atá ina bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún seo agus i gceann amháin, ar a laghad, de na prótacail a ghabhann leis. Ní fheidhmeoidh an tAontas a cheart vótála nuair a fheidhmeoidh na Ballstáit a gceart vótála féin, ná ní fheidhmeoidh na Ballstáit a gceart vótála nuair a fheidhmeoidh an tAontas a cheart vótála féin.

De réir Airteagal 22(3) de Choinbhinsiún Barcelona, glacfar leasuithe ar aon phrótacal le tromlach trí cheathrú de vótaí na bPáirtithe Conarthacha sa phrótacal sin.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an 22ú Cruinniú de chuid na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis

Le linn a 22ú cruinniú an 7-10 Nollaig 2021, maidir leis na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, tá siad chun Cinneadh a ghlacadh lena leasófar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal LBS a

[1] IO L 322, 14.12.1999, lch. 18-31.

bhaineann le cosaint na Meánmhara ar thruailliú ó fhoinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe forbairtí rialála, eolaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, forbairtí a bhaineann le foinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh a baineadh amach ar an leibhéal domhanda agus réigiúnach, lena n-áirítear forbairtí ábhartha faoi chóras Phlean Gníomhaíochta na Meánmhara-Coinbhinsiún Barcelona, agus cuirfear béim ar leith ar na forbairtí ábhartha sin a bhaineann le cur chun feidhme an chur chuige éiceachórais chun dea-stádas comhshaoil na Meánmhara a bhaint amach.

Beidh na leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal LBS ina gceangal ar an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Barcelona.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Aithníodh arís agus arís eile an gá atá le bithéagsúlacht mhuirí agus éiceachórais mhuirí sa Mheánmhuir a chosaint, lena n-áirítear sna limistéir mhuirí lasmuigh de dhlínse náisiúnta.

Leis na leasuithe ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal LBS féachtar leis na forbairtí rialála, eolaíocha agus teicniúla a bhaineann le foinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh a chur san áireamh ar baineadh amach iad ar an leibhéal domhanda agus réigiúnach. Go háirithe, baineann na leasuithe a mholtar le nuashonrú earnálacha atá faoi réir pleananna gníomhaíochta agus bearta a ullmhú faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal; nuashonrú chatagóirí na substaintí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal; roinnt gnéithe nua a neartú, e.g. torann agus solas saorga, a ndéanfar iad uile a mheas le linn an phróisis údaraithe faoi Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal. Baineann na leasuithe ar Iarscríbhinn IV le cur i bhfeidhm uirlisí tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe, go háirithe cur i bhfeidhm cur chuige geilleagair chiorclaigh i bpróisis táirgthe.

I bhfianaise an 22ú cruinniú de chuid na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, is gá seasamh a bheith ag an Aontas faoin ngníomh atá beartaithe toisc go ndéanfar leasú ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal LBS leis sin, leasú a bheidh ina cheangal ar an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Barcelona. Ós rud é go nuashonrófar ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara, go modhnófar gealltanais agus uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais agus go bhfeabhsófar cosaint an chomhshaoil leis na leasuithe ar na hiarscríbhinní, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh an ghnímh atá beartaithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist.

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is é atá i gCruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, comhlacht arna chur ar bun le comhaontú, i.e. Coinbhinsiún Barcelona.

Leis an ngníomh atá beartaithe, leasófar na hiarscríbhinní a ghabhann le ceann amháin de na prótacail a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona, i.e. an Prótacal LBS. Dá bhrí sin, an gníomh sin a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach Choinbhinsiún Barcelona agus na bPrótacal a ghabhann leis.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí leis an nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

**4.2. Bunús dlí substainteach**

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, i.e. an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2021/0347 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ('Coinbhinsiún Barcelona') faoi Chinneadh a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS')**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe a Airteagal 192(1) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ('Coinbhinsiún Barcelona') i dtaca le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(2) De bhun Airteagal 18 de Choinbhinsiún Barcelona, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis leasuithe a ghlacadh ar na prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(3) Le linn a 22ú cruinniú an 7-10 Nollaig 2021, maidir leis na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, tá siad chun Cinneadh a ghlacadh lena leasófar na hIarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS') chun forbairtí rialála, eolaíocha agus teicniúla a bhaineann le foinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh a chur san áireamh ar baineadh amach iad ar an leibhéal domhanda agus réigiúnach

(4) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, is gá é sin a bhunú toisc go nglacfar leasuithe ar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal LBS leis an gCinneadh, leasuithe a bheidh ina gceangal ar an Aontas.

(5) Ós rud é go nuashonrófar ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara, go ndéanfar difear do ghealltanais agus d'uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais agus go bhfeabhsófar cosaint an chomhshaoil leis na leasuithe atá beartaithe ar na hiarscríbhinní I, II agus IV, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh an Chinnidh.

[2] IO L 322, 14.12.1999, lch. 18-31.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ag an 22ú cruinniú de chuid na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le glacadh an Chinnidh lena leasófar Iarscríbhinní I, II agus IV a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('an Prótacal LBS').

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*